Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Márta 2024
(OR. en)

7570/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0136(COD)**

CODEC 746
TELECOM 113
COMPET 298
MI 283
DATAPROTECT 136
JAI 438

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 3 Meitheamh 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 20 Deireadh Fómhair 2021[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 12 Deireadh Fómhair 2021[3].

4. An 29 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 9471/21 + ADD 1 go 6.
[2] IO C 105, 4.3.2022, lch. 81.
[3] IO C 61, 4.2.2022, lch. 42.
[4] 6988/24.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach é in PE-CONS 68/23 + COR 1 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.